SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

SPÓRT ÉIREANN
# STRAITÉIS TAIGHDE

GINIÚINT AGUS ÚSÁID EOLAIS A THREORÚ

*Creidimid go saibhreofar ár dtír ar bhealaí éagsúla ach níos mó daoine a tharraingt isteach i rannpháirtíocht spóirt mar rannpháirtithe gníomhacha agus sóisialta, ag cur ar a gcumas eispéiris ardchaighdeáin a fháil agus rath idirnáisiúnta a dhaingniú ónár lúthchleasaithe is fearr.*

An Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027





# CLÁR ÁBHAR


| | |
|---|---|
| Straitéis Taighde Spórt Éireann, 2021 go 2027 | 4 |
| Próiseas Forbartha na Straitéise | 7 |
| Aonad Taighde agus Nuálaíochta Spórt Éireann | 8 |
| Ár Luachanna | 10 |
| **SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA** | 12 |
| **Sprioc 1** Taighde Dírithe | 14 |
| **Sprioc 2** Comhoibriú a bhfuil Cuspóir leis | 16 |
| **Sprioc 3** Inniúlacht Chomhchoiteann | 18 |
| **Sprioc 4** Eolas Feidhmithe | 20 |
| **Sprioc 5** Sármhaitheas Taighde | 22 |
| Acmhainní | 24 |
| Gluais giorrúchán agus acrainmneacha | 25 |
| Tábla Gníomhartha | 26 |

SPÓRT ÉIREANN

# STRAITÉIS TAIGHDE 2021-2027

Is le dúshláin, fiosracht, creideamh agus acmhainneacht sa saol agus i gcomórtais a bhaineann scéal an spóirt. Trí thaighde spóirt, comhdhlúthaítear na scéalta sin ina léargais a thacaíonn le gníomhaíocht eolach ó thaobh beartais agus cleachtais de. Faoin mBeartas Náisiúnta Spóirt, cuirtear de chúram ar Spórt Éireann straitéis taighde a fhorbairt, rud lena sainaithneofar an dóigh ar féidir linne, mar earnáil, léargais a ghiniúint, a bhailiú agus a chomhroinnt ar mhaithe le tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na príomhcheisteanna beartais atá ann i réimse an spóirt agus ar mhaithe le réitigh níos fearr a fhorbairt ar na dúshláin atá le sárú againn. Sa Straitéis seo, glacadh an Sainmhíniú a thug Comhairle na hEorpa ar an Spórt, is é sin: *"ciallaíonn an spórt gach cineál gníomhaíochta fisiciúla a bhfuil mar aidhm leo, trí rannpháirtíocht ócáideach nó eagraithe, acmhainn fhisiciúil agus folláine meabhrach a léiriú nó a fheabhsú, caidreamh sóisialta a chruthú nó torthaí a bhaint amach ar gach leibhéal comórtais".*

Leagtar fís síos i Ráiteas Straitéise Spórt Éireann 2018 – 2022 go mbeadh againn *"earnáil spóirt den chéad scoth atá ag obair de réir na gcaighdeán rialachais agus cuntasachta is airde agus ag rannchuidiú le cuspóirí an Bheartais Náisiúnta Spóirt a bhaint amach".* Leagfar amach sa straitéis taighde seo an ról atá ag taighde maidir le tacaíocht a thabhairt do Spórt Éireann na cuspóirí eagraíochta atá aige a bhaint amach. Tríd an straitéis taighde seo, déanfaidh Aonad Taighde agus Nuálaíochta Spórt Éireann an taighde inchreidte a bheidh ar bun ag Spórt Éireann agus ag earnáil spóirt na hÉireann araon a threorú, a shaothrú, a chomhroinnt agus a chur chun cinn. Tagann meastóireacht faoin téarma 'taighde' sa straitéis seo.

Tá an straitéis seo ina léiriú ar an tiomantas atá ag Spórt Éireann do thacú le cultúr fiosrachta agus dul chun cinn atá bunaithe ar thaighde láidir ar fud na hearnála spóirt.

Is é an fhís taighde atá againn ná **léargais luachmhara a sholáthar agus gníomhartha eolacha a chur i gcrích le haghaidh earnáil spóirt den chéad scoth.**

Is é an misean taighde atá againn ná **giniúint agus úsáid eolais a threorú.**

Aithníonn Spórt Éireann an acmhainneacht a bhaineann le líonra nasctha comhoibríoch taighde spóirt a bheith ann, rud a chuimsíonn Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, clubanna spóirt, institiúidí tríú leibhéal, gníomhaireachtaí stáit agus an lucht fiontair. Treoróidh an tAonad Taighde agus Nuálaíochta cultúr fiosrachta agus é ag obair i gcomhar le gach aonad inmheánach agus comhpháirtí earnála de chuid Spórt Éireann chun ceisteanna cumhachtacha taighde a fhorbairt, agus scéal an spóirt á chur ar aghaidh ag an am céanna.

Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go bhfreastalóidh Spórt Éireann ar ár gcomhpháirtithe earnála cibé áit a bhfuil siad ar a n-aistear taighde, agus aird á tabhairt ar a riachtanais, a gcumas agus a n-ullmhacht. Sainaithneoimid tosaíochtaí taighde, cothóimid inniúlacht mhéadaithe taighde agus tabharfaimid tacaíocht don earnáil. Tá sé mar aidhm againn comhoibriú leis an earnáil chun tairbhí an taighde agus an léargais a chomhchruthú agus a chomhroinnt go gníomhach.






# PRÓISEAS FORBARTHA NA STRAITÉISE

**Feabhra go Márta 2021**

Chuaigh baill foirne an Aonaid Taighde agus Nuálaíochta i gcomhairle le breis agus 80 geallsealbhóir, agus iad ag dul i dteagmháil le hionadaithe ó Aonaid éagsúla de chuid Spórt Éireann, ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, ó Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, ó Ranna Rialtais agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais.

**Márta 2021**

Coimisiúnaíodh sainchomhairleoir seachtrach (Irish Leisure Consultants) chun tacú le próiseas forbartha na straitéise, agus tras-scríbhinní gan ainm de na hagallaimh agus na freagraí ar na ceistneoirí á soláthar dó. Úsáideadh próiseas anailíse téamaí ansin chun téamaí straitéiseacha a iniúchadh. Chun struchtúr, díriú agus treochtaí an taighde roimhe sin de chuid Spórt Éireann a shainaithint, thug na sainchomhairleoirí faoi athbhreithniú deisce ar thuarascálacha stairiúla taighde de chuid Spórt Éireann agus ar thuarascálacha agus straitéisí idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le taighde spóirt.

**Aibreán 2021**

Chuir Institiúidí Tríú Leibhéal 50 freagra isteach ar an gcomhairliúchán ar líne maidir le forbairt an taighde spóirt in Éirinn.

**Bealtaine - Iúil 2021**

Sainaithníodh roinnt téamaí tábhachtacha bunaithe ar an bpróiseas agallaimh, ar an gceistneoir agus ar an athbhreithniú deisce. Cuireadh na téamaí sin i láthair trí shraith plépháipéar agus trí mhalartú tuairimí ina dhiaidh sin le baill foirne an Aonaid Taighde agus Nuálaíochta.

Cé go bhfuil an straitéis seo ag teacht leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt agus le Straitéis Spórt Éireann, tá sí bunaithe freisin ar an Straitéis Náisiúnta Taighde 2021-2027, ar Phlean Straitéiseach na Comhairle um Thaighde in Éirinn 2020-2024 agus ar na Prionsabail um Dhea-Chleachtas Taighde 2020 ón Údarás um Ard-Oideachas.

# AONAD TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA SPÓRT ÉIREANN

I mí Eanáir 2021, rinneadh foirne Meastóireachta agus Nuálaíochta Spórt Éireann (a tháinig faoi Stiúrthóireacht Rannpháirtíochta Spórt Éireann ag an am) a chomhtháthú isteach san Aonad Taighde chun Aonad nua Taighde agus Nuálaíochta a bhunú laistigh de Spórt Éireann. Leagtar amach sa straitéis seo an uaillmhian taighde agus meastóireachta a bheidh ag Spórt Éireann thar an gcéad sé bliana eile.

Tugann an tAonad faoi thaighde chun léargais fhiúntacha a ghiniúint ar fud réimsí na rannpháirtíochta, na feidhmíochta agus na hardfheidhmíochta, ar léargais iad a spreagann smaointeoireacht nua agus a bhrúnn gníomhaíocht chun cinn san éiceachóras spóirt in Éirinn. Ginimid eolas trí na fadhbanna atá le réiteach againn a shainiú go cruinn trí thomhas, trí cheistiú agus trí fhoghlaim. Agus taighde á dhéanamh againn, féachaimid le héisteacht le heispéiris na ndaoine a ghabhann don spórt, agus an comhthéacs ar laistigh de a tharlaíonn na heispéiris sin, agus le hiad a thuiscint. Cuireann ár gcuid oibre meastóireachta múnlaithí taca faoinár gcaidreamh leis an earnáil chun teacht ar réitigh nuálacha ar fhadhbanna sainaitheanta. Is réitigh iad sin a fhreastalaíonn ar riachtanais agus ullmhacht ár gcomhpháirtithe ar an mbealach is fearr. Tá sé mar aidhm ag an aonad réitigh a thriail go mear i gcomhpháirt leis an earnáil agus úsáideann sé modheolaíochtaí láidre chun meastóireacht phragmatach a dhéanamh ar choincheapa nua agus ar choincheapa atá ann cheana ar leibhéal an chórais, ar leibhéal an tionscadail agus ar an leibhéal áitiúil.

Cuirtear taighde i gcrích laistigh de Spórt Éireann trí mheascán de thaighde díreach, de thionscadail taighde a sheoltar i gcomhpháirt le daoine eile, de thaighde coimisiúnaithe agus de thaighde a sholáthraítear trí na haonaid inmheánacha éagsúla de chuid Spórt Éireann. Rinne ár gclár taighde rannchuidiú tábhachtach maidir le dinimic an spóirt in Éirinn a thuiscint. Cuireann an t-eolas sin bonn eolais faoi chlár oibre beartais, gníomhartha agus infheistíochtaí an Rialtais agus cuireann sé go díreach leis an gcumas atá ag comhlachtaí spóirt agus daoine aonair spóirt chun seirbhísí éifeachtacha spóirt a sholáthar. Cé gur díríodh sa taighde ó Spórt Éireann roimhe seo ar rannpháirtíocht trasdaonra sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil, gealltar sa straitéis seo go leagfar díriú méadaithe ar fhreagra a thabhairt ar cheisteanna ábhartha taighde a bhaineann le feidhmíocht agus leis an spórt ardfheidhmíochta.

Ar an leibhéal idirnáisiúnta, bíonn aitheantas méadaitheach á thabhairt don ghá atá ann le taighde spóirt a phleanáil agus a struchtúrú, agus le hacmhainní a chur ar fáil dó, chun gur féidir cinntí eolacha a dhéanamh i réimsí an bheartais agus an chleachtais.



# AN tAONAD TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA

## TAIGHDE


**Sainigh**
Cad é an Fhadhb atá i gceist?
Ceistigh, Tomhais, Foghlaim

## MEASTÓIREACHT

**Tuig**
Cén cur chuige a ghlacfaimid?
Meastóireacht mhúnlaitheach, teoiric an athraithe, samhlacha loighce

## NUÁLAÍOCHT

**Nuáil**
Conas is féidir linn an fhadhb a réiteach?
Gin réitigh, cum smaointe le chéile agus glac le héagsúlacht




**Tuig don Scéal**
Cén fáth ar fadhb í?
Breathnaigh, Éist le Daoine agus Aithin

**Tástáil**
An éireoidh leis an réiteach?
Cuir chun feidhme, tástáil agus beachtaigh

**Forbair**
Conas is féidir linn réiteach a fhorbairt?
Dear, déan turgnamh agus triail i gcomhpháirt le daoine eile

# ÁR LUACHANNA

Saothróidh Spórt Éireann na cuspóirí taighde seo ar fud ár n-eagraíochta agus ar fud na hearnála araon trí bheith:



## CRÓGA

agus ceisteanna á gcur againn agus bheith oibiachtúil sna modhanna a úsáidtear, agus sinn inchurtha leis na dúshláin a thagann chun cinn uaireanta ó na freagraí a fhaightear.

## FORÁSACH

agus sinn ag cur fáilte roimh straitéisí nuálacha, roimhe smaointe nua agus roimh mhodheolaíochtaí cruthaitheacha agus ag glacadh le teicneolaíochtaí nua chun forbairt an spóirt in Éirinn a chur ar aghaidh.

## CUIMSITHEACH

agus sinn ag léiriú éagsúlacht an spóirt, áit a dtuilleann gach spórt agus gach rannpháirtí na léargais is féidir a ghnóthú ó thaighde, beag beann ar a gcúlra agus a gcumas, idir thosaitheoir agus lúthchleasaí agus idir oibrí deonach agus ghairmí.

## NASCTHA

laistigh de Spórt Éireann agus ar fud na hearnála. Rachaimid i mbun comhoibriú fiúntach trí éisteacht le dearcthaí agus trí dhearcthaí a chur in iúl agus trí cheisteanna, modhanna agus fionnachtana a chomhroinnt go réamhghníomhach.

## MACÁNTA

inár gcleachtas, agus sinn eolach ar ár laigí agus eiticiúil maidir leis an gcineál taighde a dhéanaimid agus maidir le cén fáth agus cén dóigh a ndéanaimid é.

# SPRIOCANNA NA STRAITÉISE

Aithníonn Spórt Éireann na freagrachtaí taighde atá air agus an luach agus an acmhainneacht a bhaineann leis an léargas is féidir leis an earnáil spóirt a ghnóthú ó thaighde. Bainfear fís agus misean na straitéise seo amach trí na cúig sprioc straitéiseacha seo a leanas a chomhlíonadh.





# TÁ SÉ MAR AIDHM LEIS AN STRAITÉIS SEO:

**DÍRIÚ:**
tosaíochtaí taighde a chomhaontú le haghaidh réimsí na rannpháirtíochta na feidhmíochta agus an spóirt ardfheidhmíochta

**NASCADH:**
feabhas a chur ar na naisc thaighde atá ann laistigh de Spórt Éireann agus ar fud na hearnála spóirt,na hearnála tríú leibhéal agus na meán trí dhul i mbun comhoibriú a bhfuil cuspóir leis

**FÁS:**
ullmhacht agus acmhainn taighdea mhéadú ar fud na hearnála trí inniúlacht a fhorbairt

**SLÓGADH:**
léargais taighde a chur in iúl go héifeachtach chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht

**TIONCHAR A IMIRT:**
modhanna taighde atá láidir agus nuálach a ghlacadh chun torthaí a mbeidh tioncha acu a bhaint amach



# SPRIOC 1: TAIGHDE DÍRITHE

Tá freagrachtaí straitéiseacha Spórt Éireann agus an díriú comhfhreagrach taighde atá aige faoi threoir ag an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018 – 2027. Cé go bhfuil ceangaltais leanúnacha taighde orainn, mar aon le ceangaltais straitéiseacha chun rannpháirtíocht a mhéadú agus chun ardfheidhmíocht a chothú, beidh aird againn freisin ar athruithe i ndomhan an spóirt. Cuireann comhthéacsanna athraitheacha sochaíocha agus eacnamaíocha amhail cúluithe eacnamaíocha, athrú sochaíoch agus COVID-19 – ar comhthéacsanna iad a bhíonn suaiteach, uaireanta – i gcuimhne dúinn nach é amháin gur gá dúinn taighde comhsheasmhach straitéiseach a sholáthar ach gur gá dúinn bheith tráthúil agus fadbhreathnaitheach freisin sa taighde a dhéanaimid. Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh, is eol dúinn gur gá dúinn caidreamh comhoibríoch a dhéanamh leis na gníomhaithe uile san earnáil spóirt.

## CUSPÓIR

- Taighde straitéiseach ábhartha a sholáthar ar fud na dtrí réimse seo a leanas: rannpháirtíocht; feidhmíocht; agus spórt ardfheidhmíochta.

## GNÍOMHARTHA

Déanfaimid taighde laistigh de na trí réimse sin nuair is féidir leis an taighde na torthaí seo a leanas a bhaint amach:

1. **Dearcthaí Náisiúnta:** Faireachán a dhéanamh ar na rátaí agus na cineálacha rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus faoi chinntí maidir le hacmhainní.
2. **Tionchair Áitiúla:** Tacú le taighde atá sonrach don spórt, rud ina dtugtar léargais úsáideacha le haghaidh fhorbairt an spóirt ar an leibhéal pobail.
3. **Rannpháirtíocht:** A shainaithint conas is féidir an spórt a dhéanamh fiúntach do thuilleadh daoine, go háirithe daoine a raibh ísealrátaí rannpháirtíochta acu roimhe seo.
4. **Conairí Láidre:** Tuiscint a ghnóthú ar na roghanna, na dearcthaí agus na tacaí a chothaíonn rannpháirtíocht, a sháraíonn bacainní nó a fheabhsaíonn feidhmíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ar fud na gcéimeanna den saol.
5. **An nuálaíocht sa spórt** Sainaithint a dhéanamh ar na treochtaí, na hoiriúnuithe, na claochluithe digiteacha agus na smaointe úra a d'fhéadfadh dearcthaí nó gníomhartha a athrú go dearfach.
6. **Meastóireacht:** Meastóireacht a dhéanamh ar an toradh ar infheistíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus ar cé na nithe a n-éiríonn leo, ar cén uair a éiríonn leo agus ar cé na daoine a n-éiríonn leo ina measc, agus tosca ratha criticiúla na gcineálacha éifeachtacha cur chuige i leith fhorbairt an spóirt á sainaithint agus á gcur in iúl.
7. **Rialachas:** Staidéar a dhéanamh ar na prionsabail eagraíochtúla rialachais agus eitice a chuireann taca faoi eispéiris dhearfacha spóirt i ngach ról ar gach leibhéal.



# SPRIOC 2: **COMHOIBRIÚ A bhFUIL CUSPÓIR LEIS**

Bunóidh Spórt Éireann comhoibriú a bhfuil cuspóir leis i réimsí an taighde, an bheartais agus an chleachtais, rud ar féidir leis léargais a ghiniúint chun ár gcomhthuiscint a aistriú, chun ár réitigh a mhúnlú agus chun ár ngníomhartha a fheabhsú.

## CUSPÓIRÍ

- Treisiú leis na comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde atá ar bun againn le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, le Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an lucht fiontair.
- Naisc thaighde a fheabhsú ar fud na hearnála spóirt agus gníomhaíochta fisiciúla chun cur leis na naisc atá ann idir léargais agus cleachtas.



## GNÍOMHARTHA

8. Tacú le deiseanna líonraithe náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde, amhail an Comhar Taighde ar Ghníomhaíocht Fhisiciúil in Éirinn, agus na deiseanna sin a threorú chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ann ar ár gcuid tosaíochtaí, modhanna, gníomhartha agus fionnachtana comhroinnte taighde agus chun go gcomhordófar na nithe sin ar bhealach níos fearr.
9. Líon beag de ghrúpaí oibre straitéiseacha agus de phobail chleachtais a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le taighde comhoibríoch a chur ar aghaidh.
10. Freastal ar imeachtaí, ceardlanna agus comhdhálacha taighde agus ar sheimineáir thaighde ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus iad a óstáil agus a chothú.
11. Gabháil do dheiseanna cistiúcháin taighde a bhaineann leis an bhfiontar i gcomhpháirt le hinstitiúidí tríú leibhéal.
12. Ciste comhpháirtíochtaí taighde a thriail agus a mheas chun tacú le tionscadail taighde fheidhmigh idir comhlachtaí spóirt agus an lucht léinn.

# SPRIOC 3:
# **INNIÚLACHT CHOMHCHOITEANN**



Cuirfidh Spórt Éireann le hinniúlachtaí na hearnála chun tacú le comhlachtaí cistithe léargais taighde a ghiniúint agus a úsáid ar mhaithe leis an spórt a chur ar aghaidh. Cé go bhfuil freagrachtaí ar leith ar na haonaid ghnó laistigh de Spórt Éireann agus go bhfuil tosaíochtaí taighde ar leith acu, baineann siad go léir tairbhe as cultúr taighde chomhroinnte. Baineann an earnáil spóirt i gcoitinne tairbhe as taighde agus léargais freisin, beag beann ar na tosaíochtaí difriúla taighde atá acu agus ar a leibhéil dhifriúla ullmhachta.

## CUSPÓIRÍ

- Oibriú mar acmhainn don earnáil chun dea-chleachtais i dtaighde spóirt a chothú.
- Cultúr ina dtugtar faoi thaighde agus ina nglactar páirt i dtaighde a fhorbairt in earnáil spóirt na hÉireann.
- Forbairt a dhéanamh ar an inniúlacht atá ann chun taighde ar ardchaighdeán a sholáthar trí ghabháil orainn féin foghlaim agus tabhairt faoi uasoiliúint.

## GNÍOMHARTHA

**13.** Gabháil go gníomhach do na pleananna taighde atá ag aonaid ghnó Spórt Éireann agus ag an earnáil spóirt araon agus tacú go gníomhach leis na pleananna sin.

**14.** Obair i gcomhar leis an earnáil chun comhordú a dhéanamh ar raon ceardlann comhroinnte eolais, foirne uirlisí agus tacaí oiliúna ar mhaithe le hinniúlachtaí taighde a mhéadú.

**15.** Acmhainní, teimpléid agus ceardlanna oiliúna meastóireachta a sholáthar do chomhlachtaí spóirt chun iad a spreagadh leas a bhaint as modhanna comhsheasmhacha bailíochtaithe le linn dóibh meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus ar chláir.

**16.** Faireachán a dhéanamh ar na ‘treochtaí’ agus na tacair scileanna atá ag teacht chun cinn i réimse an taighde spóirt agus na treochtaí agus na tacair scileanna sin a ghlacadh agus a chomhroinnt.

**17.** Litearthacht sonraí agus graf a fhorbairt ar fud na hearnála trí raon acmhainní ar líne, tacar uirlisí agus ceardlann a sholáthar.

# SPRIOC 4: **EOLAS FEIDHMITHE**



Cuirfimid feabhas ar na naisc 'mhíle deiridh' atá ann idir taighde agus a fheidhmiú sa chleachtas. I gcomhar leis an earnáil, sainaithneoimid cén áit agus cén dóigh ar féidir eolas a úsáid chun go ndéanfar an léargas ceart agus na gníomhartha cearta ón bhfoinse cheart a nascadh ar bhealach níos fearr leis an spriocphobal cuí, agus an méid sin á dhéanamh san fhormáid cheart agus ag an am ceart.

## CUSPÓIRÍ

- Taighde Spórt Éireann a aistriú go gníomhach ina léargais fhiúntacha chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíocht agus chun gníomhaíocht a bhrú chun cinn.
- Tús áite a thabhairt do léargais Spórt Éireann a chur in iúl go héifeachtach chun feasacht a mhéadú i measc na spriocphobal.



## GNÍOMHARTHA

18. Struchtúr agus inneachar stóir thaighde spóirt a fhorbairt i gcomhar leis an earnáil.

19. Cás-staidéir léargais taighde, tuarascálacha soléite, grafaicí faisnéise, tacair uirlisí agus físeáin a ghiniúint agus a chur chun cinn ar mhaithe le húsáid an taighde a spreagadh laistigh den earnáil.

20. Sonraí Spórt Éireann a dhéanamh níos oscailte agus a chuid fionnachtana taighde a dhéanamh níos infheicthe dá spriocphobail éagsúla trí úsáid a bhaint as raon cainéal difriúil.

21. Plean cumarsáide a fhorbairt le haghaidh gach tuarascáil choimisiúnaithe taighde de chuid Spórt Éireann a scaipeadh go straitéiseach, agus iad curtha in oiriúint do spriocphobail ábhartha.

22. Rianú a dhéanamh ar léargais taighde, ar a bhfeidhmiú agus ar a dtionchair ar fud na hearnála.

# SPRIOC 5: **SÁRMHAITHEAS TAIGHDE**



Is gá taighde agus léargas a bheith iontaofa chun go nglacfaidh eagraíochtaí agus daoine aonair san earnáil leo. Leanfaidh Spórt Éireann le taighde atá nua-aimseartha, eiticiúil agus iontaofa a ghiniúint agus leanfaidh sé le hobair i gcomhpháirt le daoine eile a dhéanann an rud céanna agus le tacaíocht a thabhairt dóibh sin atá ag iarraidh oibriú de réir na gcaighdeán sin.

## CUSPÓIRÍ

- A chinntiú go gcloífear le cleachtais eiticiúla sa taighde ar fad a dhéanaimid, a choimisiúnaímid nó a n-oibrímid air i gcomhpháirt le daoine eile.
- Úsáid sonraí i riochtaí éagsúla a spreagadh, agus leas á bhaint as anailísíocht agus léirshamhlú sonraí mar uirlisí tábhachtacha le haghaidh cinntí fianaisebhunaithe a dhéanamh.
- Glacadh leis an nuálaíocht, le modhanna éagsúla, cineálacha núíosacha cur chuige taighde agus taighde cleachtasbhunaithe a chomhtháthú, agus le leas a bhaint as foinsí agus gníomhaithe éagsúla sonraí.

## GNÍOMHARTHA

**23.** Ardchaighdeáin taighde eiticiúil a chur chun cinn agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh modheolaíochtaí atá bailí agus indéanta a roghnú.

**24.** Treoirlínte a ghiniúint don phobal maidir leis an dea-chleachtas taighde, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh bailiú sonraí, anailís sonraí, taighde margaidh agus taighde gníomhaíochtbhunaithe.

**25.** Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr inar féidir na sonraí atá ann laistigh de Spórt Éireann agus den earnáil spóirt a úsáid ar mhaithe leis an mbonn eolais is fearr a chur faoi chinntí.

**26.** Fás a chur chun cinn i dtaighde agus gníomhaíochtaí cleachtasbhunaithe.

# ACMHAINNÍ

Comhlíonfaidh Spórt Éireann na gealltanais agus na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis seo trí acmhainní a shannadh do dhá chroíréimse - daoine agus infheistíocht.

## DAOINE

Cuirfidh Aonad Taighde agus Nuálaíochta Spórt Éireann an straitéis seo chun feidhme i gcomhpháirt le haonaid ghnó Spórt Éireann, le Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt, le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, le clubanna, le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an lucht fiontair. Gníomhóidh an Coiste Taighde agus Rannpháirtíochta de chuid Bhord Spórt Éireann mar ghrúpa ceannaireachta, agus formhaoirseacht á déanamh aige ar chur chun feidhme na straitéise seo. Áireofar leis an obair sin athbhreithniú lárthéarma a dhéanamh ar an straitéis.

## INFHEISTÍOCHT

Leanfaidh Spórt Éireann le hinfheistíocht a dhéanamh i bhforbairt straitéiseach an taighde thar na blianta atá romhainn ar mhaithe le Fís agus Misean na straitéise sé bliana seo a bhaint amach.

## Gluais giorrúchán agus acrainmneacha a úsáidtear sa tábla gníomhartha

| | |
|---|---|
| **RTCEGSM** | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán |
| **RO** | An Roinn Oideachais |
| **RS** | An Roinn Sláinte |
| **FSS** | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| **CVS** | Earnáil Pobail agus Dheonach |
| **SI-R&I** | Aonad Taighde agus Nuálaíochta Spórt Éireann |
| **SI-P** | Aonad Rannpháirtíochta Spórt Éireann |
| **SI-NGB** | Aonad Spórt Éireann um Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta |
| **SI-C** | Aonad Cumarsáide Spórt Éireann |
| **SI-CG** | Aonad Cóitseála Spórt Éireann |
| **SI-E** | Aonad Eitice Spórt Éireann |
| **SI-G** | Rialachas agus Comhlíonadh Spórt Éireann |
| **SI-HP** | Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann |
| **SII** | Institiúid Spórt Éireann |

# TÁBLA GNÍOMHARTHA

| SPRIOC 1: TAIGHDE DÍRITHE | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Gníomh** | **Treoraí** | **Comhpháirtithe Soláthair** | **Amlínte** |
| 1 | **Dearcthaí Náisiúnta:** Faireachán a dhéanamh ar na rátaí agus na cineálacha rannpháirtíochta sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil in Éirinn chun bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus faoi chinntí maidir le hacmhainní. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | RTCEGSM, RO, RS, FSS, An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 2 | **Tionchair Áitiúla:** Tacú le taighde atá sonrach don spórt, rud ina dtugtar léargais úsáideacha le haghaidh fhorbairt an spóirt ar an leibhéal pobail. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | NGBanna, LSPanna, SI-P, SI-NGB, SI-CG, SI-E, An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 3 | **Rannpháirtíocht:** A shainaithint conas is féidir an spórt a dhéanamh fiúntach do thuilleadh daoine, go háirithe daoine a raibh ísealrátaí rannpháirtíochta acu roimhe seo. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-P, SI-NGB, SI-E, SI-C, SI-CG, An Earnáil Pobail agus Dheonach, An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 4 | **Conairí Láidre:** Tuiscint a ghnóthú ar na roghanna, na dearcthaí agus na tacaí a chothaíonn rannpháirtíocht, a sháraíonn bacainní nó a fheabhsaíonn feidhmíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil ar fud na gcéimeanna den saol. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-P, SI-NGB, SI-HP, SI-CG, Institiúid Spórt Éireann, An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 5 | **An nuálaíocht sa spórt:** Sainaithint a dhéanamh ar na treochtaí, na hoiriúnuithe, na claochluithe digiteacha agus na smaointe úra a d'fhéadfadh dearcthaí nó gníomhartha a athrú go dearfach. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal, NGBanna, LSPanna | 2021-2027 |
| 6 | **Meastóireacht:** Meastóireacht a dhéanamh ar an toradh ar infheistíocht sa spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil agus ar cé na nithe a n-éiríonn leo, ar cén uair a éiríonn leo agus ar cé na daoine a n-éiríonn leo ina measc, agus tosca ratha criticiúla na gcineálacha éifeachtacha cur chuige i leith fhorbairt an spóirt á sainaithint agus á gcur in iúl. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | RTCEGSM, RS, FSS, Aonaid Ghnó Spórt Éireann, An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal, LSPanna, NGBanna | 2021-2027 |
| 7 | **Rialachas:** Staidéar a dhéanamh ar na prionsabail eagraíochtúla rialachais agus eitice a chuireann taca faoi eispéiris dhearfacha spóirt i ngach ról ar gach leibhéal. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-G, SI-E, SI-NGB, SI-P, NGBanna, LSPanna, An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |



## SPRIOC 2: COMHOIBRIÚ A bhFUIL CUSPÓIR LEIS

| Uimh. | Gníomh | Treoraí | Comhpháirtithe Soláthair | Amlínte |
|---|---|---|---|---|
| 8 | Deiseanna líonraithe náisiúnta agus idirnáisiúnta taighde, amhail an Comhar Taighde ar Ghníomhaíocht Fhisiciúil in Éirinn, a threorú chun go mbeidh feasacht mhéadaithe ann ar ár gcuid tosaíochtaí, modhanna, gníomhartha agus fionnachtana comhroinnte taighde agus chun go gcomhordófar na nithe sin ar bhealach níos fearr. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | RTCEGSM, RO, RS, FSS, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 9 | Líon beag de ghrúpaí oibre straitéiseacha agus de phobail chleachtais a bhunú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú le taighde comhoibríoch a chur ar aghaidh. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann, NGBanna, LSPanna, Institiúidí Tríú Leibhéal, An Lucht Fiontair | 2021-2027 |
| 10 | Freastal ar imeachtaí, ceardlanna agus comhdhálacha taighde agus ar sheimineáir thaighde ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus iad a óstáil agus a chothú. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 11 | Gabháil do dheiseanna taighde a bhaineann leis an bhfiontar i gcomhpháirt le hinstitiúidí tríú leibhéal. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Institiúidí Tríú Leibhéal, An Lucht Fiontair | 2021-2027 |
| 12 | Ciste comhpháirtíochtaí taighde a thriail agus a mheas chun tacú le tionscadail taighde fheidhmigh idir comhlachtaí spóirt agus an lucht léinn. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-P, SI-NGB, NGBanna, LSPanna, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2023 |

## SPRIOC 3: INNIÚLACHT CHOMHCHOITEANN

| Uimh. | Gníomh | Treoraí | Comhpháirtithe Soláthair | Amlínte |
|---|---|---|---|---|
| 13 | Comhairle agus tacaí taighde a sholáthar d'aonaid ghnó Spórt Éireann agus don earnáil spóirt araon. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann, NGBanna, LSPanna | 2021-2027 |
| 14 | Obair i gcomhar leis an earnáil chun comhordú a dhéanamh ar raon ceardlann comhroinnte eolais, foirne uirlisí agus tacaí oiliúna ar mhaithe le hinniúlachtaí taighde a mhéadú. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann, NGBanna, LSPanna | 2021-2027 |
| 15 | Acmhainní, teimpléid agus ceardlanna oiliúna meastóireachta a sholáthar do chomhlachtaí spóirt chun iad a spreagadh leas a bhaint as modhanna comhsheasmhacha bailíochtaithe le linn dóibh meastóireacht a dhéanamh ar thionscadail agus ar chláir. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann, NGBanna, LSPanna | 2021-2027 |
| 16 | Faireachán a dhéanamh ar na 'treochtaí' agus na tacair scileanna atá ag teacht chun cinn i réimse an taighde spóirt agus na treochtaí agus na tacair scileanna sin a ghlacadh agus a chomhroinnt. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |
| 17 | Litearthacht sonraí agus graf a fhorbairt ar fud na hearnála trí raon acmhainní ar líne, tacar uirlisí agus ceardlann a sholáthar. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-P, SI-NGB, NGBanna, LSPanna, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2024 |

| SPRIOC 4: EOLAS FEIDHMITHE | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Uimh. | Gníomh | Treoraí | Comhpháirtithe Soláthair | Amlínte |
| 18 | Struchtúr agus inneachar stóir thaighde spóirt a fhorbairt i gcomhar leis an earnáil. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | NGBanna, LSPanna | 2022-2025 |
| 19 | Cás-staidéir léargais taighde, tuarascálacha soléite, grafaicí faisnéise, tacair uirlisí agus físeáin a ghiniúint agus a chur chun cinn ar mhaithe le húsáid an taighde a spreagadh laistigh den earnáil. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-C | 2021-2027 |
| 20 | Sonraí agus fionnachtana taighde Spórt Éireann a dhéanamh níos infheicthe dá spriocphobail éagsúla trí úsáid a bhaint as raon cainéal difriúil. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-C | 2021-2027 |
| 21 | Plean cumarsáide a fhorbairt le haghaidh gach tuarascáil choimisiúnaithe taighde de chuid Spórt Éireann a scaipeadh go straitéiseach, agus iad curtha in oiriúint do spriocphobail ábhartha. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | SI-C; SI-P, SI-NGB, SI-CG, SI-E | 2022-2023 |
| 22 | Rianú a dhéanamh ar léargais taighde, ar a bhfeidhmiú agus ar a dtionchair ar fud na hearnála. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | An Lucht Fiontair, Institiúidí Tríú Leibhéal | 2021-2027 |

## SPRIOC 5: SÁRMHAITHEAS TAIGHDE

| Uimh. | Gníomh | Treoraí | Comhpháirtithe Soláthair | Amlínte |
|---|---|---|---|---|
| 23 | Ardchaighdeáin taighde eiticiúil a chur chun cinn agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a úsáid le haghaidh modheolaíochtaí atá bailí agus indéanta a roghnú. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann, NGBanna, LSPanna | 2021-2027 |
| 24 | Treoirlínte a ghiniúint don phobal maidir leis an dea-chleachtas taighde, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh bailiú sonraí, anailís sonraí, taighde margaidh agus taighde gníomhaíochtbhunaithe. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann, Institiúidí Tríú Leibhéal, An Lucht Fiontair | 2021-2027 |
| 25 | Iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is fearr inar féidir na sonraí atá ann laistigh de Spórt Éireann agus den earnáil spóirt a úsáid ar mhaithe leis an mbonn eolais is fearr a chur faoi chinntí. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | Aonaid Ghnó Spórt Éireann | 2021-2027 |
| 26 | Fás a chur chun cinn i dtaighde agus gníomhaíochtaí cleachtasbhunaithe. | SI - Aonad Taighde agus Nuálaíochta | NGBanna, LSPanna, SI-P, SI-NGB | 2021-2027 |


705
640
675
560
560
515
480
430
410
420
480
400
266

SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

www.sportireland.ie
@sportireland